
# RÉITEACH NA RÓSANNA




1, 2, SPRAOI!

Scéal scríofa mar chuid de cheardlann
Fighting Words
le múinteoirí réamhsheirbhíse
DCU 2022

Scríbhneoirí:
Shauna Vickers
Clodagh O'Shea
Micheál Pádraig Murphy
Amy Murphy
Katie Grogan

Maisitheoir:
Fearghas Mac Lochlainn

Aistriúchán:
Néamhann Ní Dhonnghaile

Eagarthóireacht:
Bríd-Treasa Wyndham
Tríona Nic Fhinn
Lorraine Harbison
Nóra Nic Con Ultaigh
Seirce Mhac Conghail

# Réamh-cheachtanna

## Céard é an Ceann Corr?

| | |
|---|---|
| 5, 9, 13, 17, 21, ... | 5, 15, 45, 135, 405, ... |
| 5, 2, -1, -4, -7, ... | 10, 13, 16, 19, 22, ... |

**Mínigh do fhreagra.**


**Má leanann tú ar aghaidh leis an bpátrún, an mbeidh do fhreagra fós ceart? https://wodb.ca/**

# Céard é an Ceann Corr?

| | |
|---|---|
| 1, 1, 2, 3, 5, 8, ... | 2, 4, 8, 16, ... |
| -1, 1, 3, 5, 7, ... | 100, 99, 98, 97, ... |

Mínigh do fhreagra.

Má leanann tú ar aghaidh leis an bpátrún, an mbeidh do fhreagra fós ceart?




# Réiteach na Rósanna

Is tráthnóna álainn i rith an fhómhair atá ann agus tá Dó agus hAon Déag i nGairdín na Rósanna. Tá sé ag éirí fuar agus déanach. Socraíonn Dó fanacht le hAon Déag don oíche. Ar an mbealach amach as an ngairdín, féachann Dó thart. Tugann sé faoi deara na rósanna sa bhféar, leagtha amach mar seo: dhá rós dhearga, rós amháin buí, dhá rós dhearga, agus rós amháin buí arís.

“Cad é sin?” a fhiafraíonn Dó, agus é ag tabhairt faoi deara go bhfuil na rósanna in eagar. “Is patrún é,” a fhreagraíonn hAon Déag. “Tá an dá rós dhearga agus an rós amháin buí ann arís is arís eile.”

An mhaidin dár gcionn, dúisíonn Dó agus hAon Déag agus tugann siad faoi deara go bhfuil an


7
8
9
10
11
12
13
14
15
11
15

teach níos ciúine ná mar a bhíonn de ghnáth. Ritheann siad síos an staighre agus aithníonn siad go bhfuil madra hAon Déag imithe. Ar aghaidh leo amach taobh amuigh agus cé a fheiceann siad ach a gcomharsa Seacht ag cuardach a chait. Cuireann siad glaoch ar na póilíní láithreach, agus iad buartha faoin gcat agus faoin madra. Mar sin féin, bhí mearbhall ar na póilíní. An raibh nasc idir an dá eachtra seo? Abhaile le Dó go dtína theach féin ag tochas a chinn faoin méid a tharla.

An mhaidin dár gcionn, cloiseann Dó go bhfuil hAon Déag taobh amuigh ag bualadh ar an doras.

“Cad é atá cearr?” a fhiafraíonn Dó.

“Tá ainmhithe eile imithe amú! An uair seo, madra ó Chúig Déag agus cat ó Naoi Déag,” a screadann hAon Déag.

Cuireann siad glaoch ar na póilíní arís agus deir na póilíní leo go n-oibreoidh siad go dian dícheallach chun an mistéir seo a réiteach.

An mhaidin dár gcionn, áfach, téann Dó amach taobh amuigh agus tugann sé faoi deara go bhfuil a chomharsana ar fad ag rith thart ar mire.

“Cad é atá cearr, a Fhiche Trí?” a fhiafraíonn Dó.

“Ní féidir liom mo mhadra a aimsiú, cabhraigh liom le do thoil!” arsa Fiche Trí. Díreach ansin, feiceann siad Fiche Seacht. Tá iall a mhadra ina láimh aige agus é ag glaoch a ainm. Ritheann Dó anonn chuige agus cuireann sé ceist air an bhfuil gach rud ceart go leor.

“Ní féidir liom mo mhadra a aimsiú. Nuair a dhúisigh mé, bhí sé imithe!” arsa Fiche Seacht.

Tagann imní ar Dó agus socraíonn sé dul ar


7
8
9
10
2

shiúlóid lena cheann a réiteach. Téann sé ar ais go Gairdín na Rósanna. Agus é ag siúl thart, smaoiníonn sé siar ar chomh socair is a bhí gach rud trí oíche ó shin nuair a bhí patrún na rósanna á phlé aige le hAon Déag.

Go tobann stopann Dó. "Sin é!" ar sé le háthas. "Is patrún atá ann! Tá plean agam anois!" Abhaile le Dó ar nós na gaoithe chun a phlean a insint do hAon Déag.

An oíche sin fanann Dó agus hAon Déag lasmuigh de theach Tríocha hAon. Díreach roimh mheán oíche agus iad i bhfolach sna sceacha, cloiseann siad torann ag teacht ón teach. Féachann siad amach agus feiceann siad duine le masc air agus mála ollmhór thar a ghualainn. Léimeann Dó amach ar bharr an ghadaí agus leagann sé go talamh é. Féachann sé air agus aithníonn sé gur Uimhir a Ceathair atá ann. Glaonn hAon Déag ar na póilíní.

"Cén chaoi ar tháinig tú orm?!" a bhéiceann Ceathair.


"Ag baint úsáid as patrúin!" arsa Dó go bródúil.

Ag an bpointe seo, tagann na póilíní agus deir siad le Dó agus le hAon Déag gur laochra iad. "Anois a Cheathair, tá tú againn. Tá sé in am agat na hainmhithe ar fad a thabhairt ar ais."

Fágann Dó slán le hAon Déag agus ar ais leis i dtreo an bhaile.


Siúlann Dó thar Gháirdín na Rósanna ar a bhealach abhaile. Déanann sé mionghháire beag.

"Nach mé a bhí cliste an patrún a oibriú amach?!"


31
2
4
11

# Ceachtanna




nuacht cúla 4
I mbeirteanna, glacann duine amháin ról tuairisceora ó Nuacht Cúla 4 agus glacann an duine eile páirt Dó. Cuireann an tuairisceoir agallamh ar Dó maidir leis an méid a tharla sa scéal.

# Réiteach na Rósanna

- Tá pátrún sa scéal. An féidir leatsa é a oibriú amach?
- An bhfuil níos mó ná patrún amháin sa scéal? Má tá, céard é?
- Cé mhéid ainmhí a thóg an gadaí?
- Dá leanfadh an gadaí ar aghaidh cén ainmhí a ghoidfí ó theach 43, ó theach 67 agus ó theach 91?
- Muna mbéarfaí ar an ngadaí, cé mhéid oíche a thógfadh sé air dul chomh fada le teach 47?



1,2,Spraoi!

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

DCU
Ollscoil Chathair
Bhaile Átha Cliath
Dublin City University

## CAD A CHEAP TÚ FAOIN SCÉAL?

## AON SMAOINTE EILE?

FIGHTING WORDS
The write to right.

the arts council
an chomhairle ealaíon
funding literature

Mc CONKEY APPROVED
fighting words
www.fightingwords.ie